

Nuashonrú 2010

# Ag Earcú san Eoraip:

treoir d’fhostóirí

EURES

eures.europa.eu

Coimisiún Eorpach

Ní bheidh an Coimisiún Eorpach ná aon duine a ghníomhaíonn ar son an Choimisiúin freagrach as aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an eolas atá san fhoilseachán seo.

© grianghraif: Fotosearch (clúdach), istockphoto.com (lch. 1, 2, 9), Aontas Eorpach (lch. 3, 5, 6, 7, 11, 12), gem (lch. 13).

Le haghaidh aon úsáide nó atáirgthe grianghraf nach bhfuil faoi chóipcheart an Aontais Eorpaigh, ní mór cead a fháil ón sealbhóir cóipchirt (ó na sealbhóirí cóipchirt) féin.

Seirbhís is ea Europe Direct a chabhróidh leat freagraí a fháil ar do cheisteanna maidir leis an Aontas Eorpach

**Uimhir shaorghlao (*):**

**00 800 6 7 8 9 10 11**

(*) Ní cheadaíonn oibritheoirí teileafóin soghluaiste áirithe rochtain ar uimhreacha 00 800 nó d'fhéadfaí airgead a ghearradh ar na glaonna seo.

Tá breis eolais faoin Aontas Eorpach le fáil ar an Idirlíon (http://europa.eu).

Tá sonraí catalógaithe ar fáil ag deireadh an fhoilseacháin seo.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2010

ISBN 978-92-79-15952-7

doi:10.2767/52071

© An tAontas Eorpach, 2010

Is ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, ach an fhoinse a admháil

*Printed in Belgium*

ARNA CHLÓBHUALADH AR PHÁIPÉAR BÁN GO hIOMLÁN SAOR Ó CHLÓIRÍN (TCF)

# Tabhair buaic Eorpach dod' ghnó



Gné ríthábhachtach de chuid na rathúlachta is ea do ghnó a ullmhú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le margadh saothair atá ag athrú go gasta. Ní éasca an rud é fostaithe a aimsiú leis na scileanna agus inniúlachtaí cearta chun buaic a thabhairt dod' chuideachta – agus b'fhéidir gurb é earcú ar fud na hEorpa an freagra. Tabharfaidh an treoir seo réamhrá duit ar earcú ó thar lear agus tógfar trí na céimeanna riachtanacha tú.

An dteastaíonn uait scileanna agus eispéireas nua a thabhairt chuig do láthair oibre? Tabharfaidh an treoir seo réamhrá duit ar earcú san Eoraip.

Is iomaí buntáiste tábhachtach a bhaineann le hearcú ó thír Eorpach eile:

- **Líon níos mó daoine chun an duine ceart a aimsiú don phost.** Cuimsíonn lucht saothair na hEorpa na céadta mílte oibrithe oilte. Tá oibrithe atá toilteanach a bheith soghluaiste inspreagtha agus ag súil le heispéireas nua a ghnóthú. Leathnaigh do chuid ionchas agus méadaigh an seans atá agat an t-iarrthóir ídéalach a aimsiú.
- **Tabhair scileanna nua agus leibhéil nua taithí chuig d'fhoireann.** Tugann oibrithe ar fud na hEorpa scileanna agus cáilíochtaí nua leo. Sa bhreis ar an gcumas le haghaidh teangacha nua, éascóidh lucht saothair éagsúil cumarsáid fheabhsaithe agus tuiscint mhéadaithe ar thimpeallachtaí oibre i dtíortha eile.



# Na buntáistí le margadh saothair Eorpach oscailte

Ligeann *Prionsabal um Shaorghluaiseacht Oibrithe* de chuid an Aontais Eorpaigh duit baill foirne a earcú ó gach Ballstát an AE, i dteannta leis an Iorua, an Íoslainn agus Lichtinstéin (tíortha an LEE) agus an Eilvéis.

Ní hamháin gur féidir le hoibrithe ó ar fud na hEorpa cabhrú chun easnaimh scileanna ghearrthéarmacha a réiteach, ach is féidir leo peirspictíochtaí nua a thabhairt chuig do láthair oibre. Ciallaíonn bunú margadh saothair Eorpach oscailte gur féidir le hoibrithe bogadh go héasca idir Bhallstáit le fíorbheagán srianta.

Is fíor go bhféadfadh go mbeadh rochtain theoranta ag saoránaigh áirithe de chuid na hEorpa ar mhargadh saothair na hEorpa ar feadh tréimhse áirithe, ag brath ar cathain ar áiríodh an tír ábhartha san AE. Ar an iomlán, áfach, tá sé chomh héasca anois daoine a earcú ón Eoraip agus atá sé daoine a earcú sa bhaile.

**Ceisteanna gasta na bhfostóirí**

- **Níor smaoinigh mé ariamh ar earcú san Eoraip. Céard iad na buntáistí do mo ghnó?** Tá sé níos tábhachtaí anois ná riamh d'fhostóirí lucht saothair éifeachtúil agus táirgiúil a chothú. Uaireanta ní bhíonn rochtain éasca ar na scileanna riachtanacha chun é seo a dhéanamh i do thír féin. Féadfaidh foireann idirnáisiúnta agus ilchultúrtha cabhrú chun éifeachtúlacht a mhéadú trí leibhéil nua scileanna agus eispéiris a thabhairt isteach. Agus tá sé léirithe ag taighde go bhfuil nasc díreach idir soghluaisteacht na bhfostóirí agus nuálaíocht na cuideachta.
- **Cad atá le bheith ar eolas agam faoi earcú san Eoraip? Conas a thosaím?** I ndáiríre tá sé chomh héasca le hearcú sa bhaile. An chéad rud ar cheart duit a dhéanamh ná na scileanna atá in easnamh i do láthair oibre a dhearbhú, agus cá háit a bhféadfá iad a aimsiú. Ansin labhair le saineolaí.
- **Cé lenar féidir liom labhairt maidir le hearcú san Eoraip?** Tá roinnt mhaith seirbhísí idir príobháideach agus poiblí ar fáil chun tú a threorú tríd an bpróiseas. Cuimsíonn EURES, an Líonra um Poist Eorpacha, os cionn 800 Comhairleoirí ar féidir leo comhairle a chur ort ag gach gné den earcú ó thar lear. Lean ar aghaidh ag léamh chun a fháil amach cad go díreach atá i gceist le hearcú san Eoraip, agus conas is féidir le EURES cabhrú leat.

# Rudaí le cíoradh roimh earcú ó thar lear

Seo a leanas léargas ar cúpla rud nach mór a chur san áireamh sula n-earcaíonn tú ó thar lear.

- **Cad atá á lorg agat?** Ullmhaigh próifíl iarrthóra mhionsonraithe. Ceard iad na scileanna, inniúlachtaí agus cáilíochtaí atá á gcuardach agat? Má tá scileanna ar leith a theastaíonn uait a thabhairt chuig do lucht saothair, b'fhéidir go mbeadh tionchar aige seo ar na tíortha ar a ndíríonn tú do chuardach.
- **Ar ionann a n-eispéireas agus an rud a bhfuil tú ag súil leis?** D'fhéadfadh bríonna éagsúla a bheith ag cáilíochtaí a bhfuil an chuma chéanna orthu, ag brath ar an tír i gceist. Bí cinnte mar sin roinnt taighde a dhéanamh roimh ré ar cháilíochtaí a luaitear.
- **Na gnéithe praiticiúla agus dlíthiúla** Má iarrann tú ar oibrí bogadh chuig do thír, tá roinnt áirithe freagrachta ortsa ina leith. An bhfuil sé tábhachtach go labhródh an fostaí teanga do thíre? Cabhróidh sé seo leo imeascadh níos fearr ina dtimpeallacht nua. Sa bhreis air sin, smaoinigh ar phraiticiúlachtaí, mar shampla an féidir a gcuid slándála sóisialaí agus árachais sláinte a aistriú idir thíortha, agus an mbeidh ceadúnas oibre de dhíth orthu.



# Cé is féidir cabhrú leat chun earcú ó thar lear?

Tá go leor seirbhísí ar féidir faisnéis úsáideach ar earcú ó thar lear a chur ar fáil duit.

Feidhmíonn **Líonra Poist EURES** i dtíortha uile an AE/LEE mar aon leis an Eilvéis agus féadfaidh sé tú a sholáthar le seirbhís éifeachtúil agus phroifisiúnta maidir le hearcú thar lear. Soláthraíonn EURES réimse uirlisí úsáideacha:

- **Tairseach EURES um Shoghluaisteacht ó Phost go Chéile** Soláthraítear eolas iarrthóra ó ar fud 31 tír, tugtar deis duit cuntas a chruthú agus cuardach le haghaidh lucht cuardaigh fostaíochta, agus soláthraítear sonraí maidir le hearcú oibre ar fud na hEorpa. Chomh maith leis sin, féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh le hIonad Teamhála EURES, an 'lárionad ilfhreastail' ('one-stop shop') d'úsáideoirí na tairsí a mbíonn deacrachtaí acu. Má theastaíonn cúnamh uait chun cuardach le haghaidh iarrthóirí, mar shampla, tá foireann an Ionaid Teagmhála ar fáil trí mheán comhrá láithreach, rphoist, teileafóin nó VoIP (Prótacal Idirlín Guthaithe). Téigh chuig http://eures.europa.eu le haghaidh sonraí teagmhála.
- **Líonra de Chomhairleoirí EURES.** Tá breis agus 800 Comhairleoirí ag EURES in 31 tír; ag obair chun eolas soghluaisteachta a sholáthar d'fhostóirí. Féadfaidh siad cabhrú leat iarrthóirí ionchais a aimsiú agus tú a threorú tríd an bpróiseas earcaíochta, mar aon le faisnéis chuimsitheach agus mhionsonraithe a sholáthar ar shoghluaisteacht. Tá siad oilte go maith chun ceisteanna a fhreagairt ar ábhair riaracháin chasta agus féadfar dul i mbun teagmhála leo trí mheán teileafóin, rphoist nó cruinnithe pearsanta. Féadfar teacht ar shonraí teagmhála Líonra EURES ar Thairseach EURES um Shoghluaisteacht ó Phost go Chéile – téigh chuig http://eures.europa.eu chun dul i mbun teagmhála le Comhairleoir EURES in aice leat.
- **EURES i réigiúin trasteorann.** Tá fostaithe ag maireachtáil agus ag obair in dhá thír éagsúla ar an gcineál is coitianta soghluaisteachta. Oibríonn EURES i réigiúin trasteorann ar fud na hEorpa. Tá eolas le haghaidh lucht earcaíochta trasteorann le fáil ar thairseach EURES, agus ó do Chomhairleoir EURES áitiúil ar ndóigh.

**Gníomhaireachtaí earcaíochta príobháideacha.** Is féidir le gníomhaireachtaí fostaíochta príobháideacha réimse leathan faisnéise agus seirbhís meaitseála poist a sholáthar d'fhostóirí. Féadfaidh a gcomhairleoirí siúd eolas a roinnt leat maidir leis na céimeanna éagsúla den phróiseas earcaíochta. Roimh chlárú, ba chóir duit a fháil amach an ngearrann siad táille ar bith ar a gcuid seirbhísí.

**Innill chuardaigh poist ar líne.** Tugann réimse leathan inneall cuardaigh poist deis duit próifíl chuideachta a chruthú, folúntais a fhógairt, agus iarratais a fháil ó iarrthóirí. Go minic, bíonn áis don lucht cuardaigh fostaíochta a gcuid CVanna a chur in airde ionas gur féidir leat breathnú orthu gan stró. Roimh chlárú, ba chóir duit a fháil amach an bhfuil táille ar an tseirbhís.

# Conas ar féidir le EURES cabhrú?

Tá seirbhísí EURES ar fáil saor in aisce d'fhostóirí uile de bhunadh na hEorpa – roimh, i rith, agus i ndiaidh an phróisis earcaíochta.

- Coimeádann **Tairseach EURES um Shoghluaisteacht ó Phost go Chéile** na céadta mílte próifílí de chuid lucht cuardaigh fostaíochta cláraithe. Ar bhonn gasta agus éasca is féidir le fostóirí:
  - Cuntas a chruthú ionas gur féidir leat próifílí na n-iarrthóirí ábhartha a chuardach agus a stóráil;
  - Folúntas a fhógairt trí mheán do sheirbhíse ostaíochta poiblí náisiúnta nó do Chomhairleoir EURES áitiúil a bheidh sofheicthe don lucht cuardaigh fostaíochta in 31 tír;
  - Foláirimh a fháil nuair a cuirtear suas próifílí a fheileann d'fholúntas;
  - Cuardach le haghaidh faisnéise ar earcú ó thíortha ar fud na hEorpa;
  - Laethanta Fostaíochta na hEorpa agus imeachtaí earcaíochta eile i do cheantar féin a chuardach trí úsáid a bhaint as an bhFéilire Imeachtaí;
  - Sonraí teagmhála do Chomhairleora EURES áitiúil a fháil;
  - Nascadh le fostóirí eile agus faisnéis agus dea-chleachtas a mhalartú chun cuardach le haghaidh iarrthóirí.
- Is daoine proifisiúnta iad **Comhairleoirí EURES** ar féidir leat teagmháil a dhéanamh leo chun eolas a fháil am ar bith i rith an phróisis earcaíochta. Tá saineolas ag Comhairleoirí EURES ar na réimsí praiticiúla, dlí agus riaracháin a bhaineann le soghluaisteacht fostaíochta san Eoraip. Tabhair cuairt ar thairseach EURES le haghaidh breis faisnéise agus sonraí teagmhála do Chomhairleoir EURES áitiúil.
- **Is féidir le Comhairleoirí EURES:**
  - Cuairt a thabhairt ar do chuid oifigí chun tuairim níos fearr a fháil ar na hiarrthóirí atá á gcuardach agat;
  - Tú a chur i dteagmháil le Comhairleoirí EURES eile ar fud na hEorpa;
  - Iarrthóirí a mholadh bunaithe ar d'fholúntas poist agus próifíl do chuideachta;
  - Cuidiú leat le folúntas a fhógairt;
  - Insint d'iarrthóirí leasmhara faoi d'fholúntas;
  - Eolas a thabhairt duit ar an méid a bheifear ag súil uait mar fhostóir de chuid oibrí Eorpach;
  - Tú a chur ar an eolas faoi aontaí poist agus imeachtaí earcaíochta eile a bheadh suim agat iontu.

### Imeachtaí EURES

Gach bliain, reáchtáiltear na mílte imeachtaí EURES ar fud na hEorpa, Laethanta Fostaíochta na hEorpa ina measc – imeachtaí a thugann deis iontach duit bualadh le baill foirne nua ionchais. Le cois Laethanta Fostaíochta na hEorpa, eagraíonn EURES roinnt comhdhálacha, seimineár agus laethanta faoi eolas soghluaisteachta ina mbíonn Comhairleoirí EURES ar fáil chun sainchomhairle a thabhairt maidir le hearcú ó ar fud na hEorpa. Tá an t-eolas is déanaí maidir le himeachtaí a bheidh ar siúl go háitiúil le fáil ar an bhFéilire Imeachtaí ar thairseach EURES.

# Tairseach EURES um Shoghluaisteacht ó Phost go Chéile

## Príomhrannóga

Ar phríomhleathanach na bhfostóirí is féidir leat na céimeanna nach mór breathnú orthu roimh, le linn agus tar éis an phróisis earcaíochta a léamh. Chomh maith le sin is féidir leat cuntais a léamh ó fhostóirí atá tar éis oibrithe soghluaiste a fhostú cheana féin.

1 Le ***Cruthaigh cuntas Mo EURES*** féadfaidh tú cuntas pearsanta a chruthú d’fhonn CVanna a fháil trí mheán rphoist, iad a roghnú agus a eagrú, agus freagra a thabhairt d’iarrthóirí ionchais.

2 Míníonn ***Fógair post*** duit conas post a fhógairt ar an tairseach.

3 Tá comhairle le fáil in ***Faigh cabhair*** dóibh siúd ag úsáid na tairsí a mbíonn deacrachtaí teicniúla acu. Tá foireann Ionad Teagmhála EURES ar fáil le do chuid ceisteanna a fhreagairt ar an teileafón, trí rphost nó VoIP (Prótacal Idirlín Guthaithe).

4 Taispeánann an ***Féilire Imeachtaí*** na himeachtaí spéisiúla a bheidh ar siúl i do cheantar féin amach anseo. Coinnigh súil ar imeachtaí earcaíochta nó ar sheisiúin eolais ghinearálta soghluaisteachta le Comhairleoirí EURES.

5 Tá eolas praiticiúil, dlí agus riaracháin maidir le soghluaisteacht le fáil in ***Maireachtáil & Obair.*** Féadfaidh tú treochtaí reatha i margadh saothair na hEorpa a chuardach bunaithe ar thír, ar réigiún agus ar an earnáil gníomhaíochta.





4

6 Trí chliceáil ar ***Naisc*** tiocfaidh tú ar láithreáin ghréasáin eile atá ag déileáil le soghluaisteacht fostaíochta san Eoraip, Seirbhísí Fostaíochta Poiblí san áireamh, mar aon le raon foilseachán a thabharfaidh treoir duit i rith an phróisis earcaíochta.

### *Rannóga nua ar thairseach EURES*

***Aontaí Post Fíorúla.*** Aonach Poist i ndáiríre, ach é fíorúil! Tabharfar eolas duit faoi aonach a bheidh siúl amach anseo ar mheirge ar thairseach EURES agus beidh deis agat féachaint ar láithreoireachtaí fostóirí éagsúla, mar aon le folúntais a chur faoi bhráid, agus coinní a eagrú labhairt le hearcaitheoirí agus le Comhairleoirí EURES.

***Match and Map.*** Uirlis a mheaitseálann an t-eolas a sholáthraítear i CV ar líne an lucht cuardaigh fostaíochta go huathoibríoch leis na folúntais poist atá ar fáil. Taispeánfar torthaí an chuardaigh ar léarscáil na hEorpa, ag léiriú go díreach don lucht cuardaigh fostaíochta cá háit na deiseanna atá á lorg acu a fháil.

# Roimh an earcú ó thar lear agus ina dhiaidh

Seo a leanas roinnt pointí ar cheart duit cuimhneamh orthu roimh agus tar éis duit oibrithe a earcú ó ar fud na hEorpa.

**Céimeanna le tabhairt fúthu roimh an bpróiseas earcaíochta**

- **Comhairle agus pleanáil.** Téigh i mbun teagmhála le do Chomhairleoir EURES áitiúil nó Seirbhís Fhostaíochta Poiblí chun do chuid riachtanas earcaíochta a phlé, agus comhairle a fháil. Faigh amach cad atá i gceist le hoibrí Eorpach a earcú agus déan na buntáistí, na rioscaí agus na costais a mheas go cruinn.
- **Socruithe praiticiúla.** Ná déan dearmad smaoineamh ar na praiticiúlachtaí – an bhfuil tú chun cabhrú le d'fhostaí nua coisíocht a fháil, nó comhairle a sholáthar ar árachas sláinte agus slándáil shóisialach? Cuimhnigh freisin nach ionann dlíthe fostaíochta náisiúnta ó thír go tír. Seiceáil cibé an mbeidh ar d'fhostaí nua ceadúnas oibre a fháil, agus an bhfuil ortsa cabhrú leis/léi é a fháil.
- **Aitheantas na gcáilíochtaí.** Ba cheart duit a sheiceáil cibé an gá duit d'fhostaí a chlárú le húdarás cuí chun a chinntiú go bhfuil na cáilíochtaí atá acu aitheanta, toisc gur constaic choitianta é seo a bhíonn ag fostóirí agus lucht cuardaigh fostaíochta araon. Is féidir le Comhairleoir EURES cabhrú chun gnéithe dlíthiúla agus praiticiúla a phlé leat. Féadfaidh tú cuairt a thabhairt freisin ar www.enic-naric.net le haghaidh breis sonraí ar aitheantas idirnáisiúnta na gcáilíochtaí acadúla agus proifisiúnta.

  **Cuimhnigh...** tá difríochtaí ann idir cleachtais earcaíochta ó thír go tír, gan trácht ar dhifríochtaí idir foirmiúlachtaí i gcomhair fostóirí agus iarratasóirí. Bí ar an eolas maidir le difríochtaí cultúrtha a d'fhéadfadh a bheith ann nuair a bhuaileann tú le fostaithe ionchais agus dírigh ar a gcuid scileanna agus eispéiris.

**Céimeanna le tabhairt fúthu tar éis an phróisis earcaíochta**

- **Comhtháthú na n-oibrithe.** D'fhéadfadh go mothódh oibrithe treascrach agus buartha nuair a shroicheann siad tír nua mar sin b'fhéidir go gcabhródh paca fáiltithe chun an t-aistriú a éascú. Smaoinigh ar roinnt faisnéise a chur le chéile ar an gceantar – léarscáil ar roghanna iompair áitiúla, treoracha chuig an láthair oibre, agus sonraí ar áiseanna in aice láimhe ar nós bialanna, leabharlanna poiblí, agus ionaid leighis, mar shampla.
- **Saincheisteanna dlíthiúla agus riaracháin.** B'fhéidir go mbeadh roinnt ama saor ón obair de dhíth ar fhostóirí nach mór dóibh clárú leis na húdaráis áitiúla. Tóg san áireamh an t-am a thógfaidh sé chun iarratas a dhéanamh ar uimhir shlándála sóisialaí, cárta aitheantais a fháil, nó árachas sláinte náisiúnta a fháil.
- **Teaghlach agus cóiríocht.** Tóg san áireamh an t-am a thógfaidh sé don fhostaí agus a mhuintir nó a muintir socrú isteach i do thír, agus bí aireach go bhféadfadh sé roinnt ama a thógáil chun scoil agus tithíocht a fháil.
- **Bíodh do chuid oibrithe cónaitheacha páirteach.** Teastaíonn uait go gcuirfeadh do chuid fostaithe reatha aithne ar oibrithe nua, mar sin is maith an smaoineamh é iad a choimeád ar an eolas faoin bpróiseas earcaíochta. B'fhéidir go gcabhróidh ócáid shóisialta do dhaoine aithne a chur ar a chéile.



# Oibrithe aistrithe

Is éard atá i gceist le hoibrí aistrithe ná duine éigin a chaitheann líon teoranta ama ag obair lasmuigh den Bhallstáit ina n-oibríonn siad de ghnáth, go háirithe ar iarratas a fhostóra. De ghnáth faightear oibrithe aistrithe sna hearnálacha tógála, iompair, teileachumarsáide, siamsaíochta, agus cothabhála.

Má tá ar d'eagraíocht oibrithe a aistriú go Ballstát eile beidh ort tú féin a chur ar an eolas faoi na rialacha agus nósanna imeachta atá i gceist.

Ní mór cearta agus coinníollacha oibre na n-oibrithe aistrithe a chosaint ar fud na hEorpa agus chuige sin tá an tAontas Eorpach tar éis sraith rialacha bunúsacha a bhunú.

Tá Treoir an AE ar Oibrithe a Aistriú beartaithe chun na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta céanna a chinntiú d'oibrithe aistrithe agus a bhfaigheann oibrithe eile san AE nó san LEE ina gcuirtear a gcuid oibre i gcrích. Clúdaíonn na rialacha réimse ábhar, ó uasthréimhsí oibre, go saoire bhliantúil íoctha íosta, go sláinte agus sábháilteacht. Féadfaidh tú tuilleadh a léamh faoin Treoir ar Oibrithe a Aistriú ar láithreán gréasáin na hArd-Stiúrthóireachta um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialacha agus Comhdheiseanna.

**Tá sé tábhachtach freisin smaoineamh ar na nithe seo a leanas:**

- Sa chás go bhfuil téarmaí agus coinníollacha fostaíochta íosta ar leith ag Ballstát, cosúil le tuarastal agus sochair, ní mór go mbeidís seo i bhfeidhm freisin maidir le hoibrithe aistrithe sa tír úd;
- Ní mór duit fanacht i dteagmháil le d'oibrí i gcaitheamh a chuid nó a cuid aistrithe.

Féadfar teacht ar bhreis faisnéise ar na coinníollacha oibre infheidhmithe i leith oibrithe aistrithe trí chuairt a thabhairt ar láithreán gréasáin de chuid Eurofound, an Foras Eorpach chun Dálaí Oibre agus Maireachtála a Fheabhsú, ag www.eurofound.europa.eu. Féadfaidh tú labhairt le do Chomhairleoir EURES áitiúil freisin.

# Oibrithe trasteorann

Is éard atá i gceist le margadh saothair trasteorann ná limistéar inar féidir le hoibrithe atá ag maireachtáil i dtír amháin taisteal gach lá nó gach seachtain chun oibre i dtír béal dorais. Tarlaíonn sé seo go coitianta ar fud na hEorpa; tá breis agus 600 000 duine ag maireachtáil i dtír Eorpach amháin agus ag cónaí i gceann eile.

**Tá roinnt buntáistí le bheith i d'fhostóir i réigiún trasteorann:**

- **Tá líon na n-iarrthóirí ionchais dúbailte;**
- **Tá do lucht saothair éagsúil, le réimse teangacha, scileanna, agus inniúlachtaí;**
- **D'fhéadfaí d'ualach airgeadais a éascú.**

Gan dabht ní thagann comaitéireacht trasteorann gan roinnt gnáthamh riarachán, agus tá réimse seirbhísí le cabhrú le fostóirí i dtaobh ábhair mar shampla, slándáil shóisialach, árachas sláinte agus sochair theaghlaigh.

Feidhmíonn EURES in os cionn 20 comhpháirtíochtaí trasteorann thar os cionn 13 tír. Chun freastal ar an riachtanas le haghaidh faisnéise agus comhordaithe idir thíortha, tugann comhpháirtíochtaí trasteorann EURES seirbhísí fostaíochta poiblí agus gairmoiliúna, eagraíochtaí ceardchumann, údaráis áitiúla agus institiúidí eile ag déileáil le fostaíocht agus oiliúint le chéile.


**I réigiúin trasteorann, tá EURES ar fáil chun:**

- **Fostóirí agus lucht cuardaigh fostaíochta a mheaitseáil;**
- **Eolas a sholáthar ar phraiticiúlachtaí dlí agus riaracháin i leith oibrithe atá ag cónaí i mBallstát eile a earcú;**
- **Monatóireacht a dhéanamh ar na margaí saothair sa dá thír, agus ar an tslí sin, eolas suas chun dáta ar fhostaithe a thabhairt d'fhostóirí.**

## Ag earcú trasteorainneacha

Is eagraíocht mhór í Risch Electro-Telecom, lonnaithe i Triesen, Lichtinstéin, a dhéileálann le pleanáil, suiteáil agus cothabháil na gcóras agus na gcomhábhar leictreonaí. Fostaíonn siad foireann de thart ar 85 duine, 10-12 astu sin ar oibrithe trasteorann iad a thagann ó réigiún Vorarlberg na hOstaire agus ó dheisceart na Gearmáine, de ghnáth ag comaitéireacht thart ar 30 nóiméad gach treo. Téann an tUasal Bruno Risch, úinéir na cuideachta, i dteagmháil le EURES Lichtinstéin aon uair go bhfuil gá acu le breis ball foirne nach féidir leo a aimsiú sa tír féin. Tá an próiseas neamhfhoirmiúil: Déanann an tUasal Risch cur síos ar na próifílí fostaí atá á lorg aige do Chomhairleoir EURES agus go gairid ina dhiaidh sin faigheann sé réimse CVanna: 'Tá an próiseas earcaíochta neamh-maorlathach agus tá a fhios agat gur féidir le EURES iarrthóirí a sheachadadh. Tá sé éasca oibrithe trasteorann a fhostú sa réigiún seo toisc nach bhfuil aon constaicí teanga ann'.

# Cá háit ar féidir EURES a fháil san Eoraip?



Tíortha an AE: An Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, an Chipir, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, Éire, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Spáinn, an tSualainn, an Ríocht Aontaithe.

Tíortha an LEE: AE-27 + an Iorua, an Íoslainn, Lichtinstéin

An Eilvéis

EURES i réigiúin trasteorann

**An bhfuil an Comhairleoir EURES is cóngaraí á lorg agat?**
**Téigh chuig http://eures.europa.eu**

# Breisluach EURES



### Seirbhís phearsantaithe, phroifisiúnta

Is seirbhís í EURES atá ag tairiscint comhairle earcaíochta phroifisiúnta d'fhostóirí na hEorpa. Tá saineolas speisialaithe ag an 800 Comhairleoir EURES i réimsí praiticiúla, dlíthiúla agus riaracháin na hearcaíochta ó thar lear agus féadfaidh siad seirbhís phearsantaithe a sholáthar bunaithe ar phróifíl agus riachtanais iarrthóra do chuideachta. Tabhair cuairt ar thairseach EURES le haghaidh sonraí teagmhála do Chomhairleora EURES áitiúil.

### Laethanta Fostaíochta na hEorpa

Ó 2005 i leith, chomhoibrigh an Coimisiún Eorpach agus EURES le gníomhairí éagsúla eile ar spéis leo soghluaisteacht an mhargaidh saothair chun Laethanta Fostaíochta na hEorpa a eagrú. I rith an chéad séasúr de Laethanta Fostaíochta na hEorpa i mí Mheán Fómhair 2006, d'fhreastail na mílte lucht cuardaigh fostaíochta agus fostóirí ar 500 imeacht a eagraíodh i mbreis agus 300 cathair Eorpach. De bharr chomh maith is a d'éirigh leis na chéad imeachtaí seo, chinn an Coimisiún Eorpach na himeachtaí seo a reáchtáil gach mí Mheán Fómhair, le sraith imeachtaí níos lú san earrach.

Is éard a bhíonn i gceist le Lá Fostaíochta na hEorpa ná deis d'fhostóirí agus do lucht cuardaigh fostaíochta bualadh lena chéile, mar aon le ceardlanna, seimineáir, agus díospóireachtaí faoi shoghluaisteacht mhargadh saothair na hEorpa. Bíonn deis ag rannpháirtithe a gcuid pleananna a phlé agus a gcuid ceisteanna a chur faoi bhráid réimse saineolaithe éagsúla, lena n-áirítear, ar ndóigh, Comhairleoirí EURES.

Is cinnte go bhfuil rud éigin sna himeachtaí seo do gach fostóir ar suim leo daoine a earcú ó thar lear. Tá an t-eolas is déanaí maidir le himeachtaí a bheidh ar siúl go háitiúil le fáil ar an bhFéilire Imeachtaí ar thairseach EURES.

### Comhairlí EURES – ag dul blúire níos sia

Go minic bíonn suas le 200 oibrí séasúrach in aghaidh na bliana ag teastáil ó fhostóirí talmhaíochta na Danmhairge agus is féidir le EURES cabhrú trí fostóirí agus oibrithe ionchais a chur i dteagmháil lena chéile. In 2009, theastaigh ó Chomhairleoir EURES na Danmhairge triail a bhaint as rud éigin nua agus bheartaigh sé páirt a ghlacadh i dtaispeántas eallach bliantúil Odense a mheallann fostóirí agus lucht cuardaigh fostaíochta san earnáil talmhaíochta ó chian is ó chóngar. Bheartaigh Comhairleoir EURES na Danmhairge Jørgen Uldall-Ekman go mbeadh bó EURES mar rud foirfe chun aird na ndaoine a fháil.

Turas 50 ciliméadar ina dhiaidh sin, fuair Jørgen agus a chomhghleacaí bó dhearg déanta as snáithín gloine don taispeántas, agus chuireadar blaincéad speisialta EURES thar a droim. Bhain daoine sár-thaitneamh as an mbó – rinneadh thart ar 25 teagmháil fhostóra nua. Mar a dúirt Jørgen, 'Tá sé thar a bheith tábhachtach do EURES dlúthchomhar a choimeád le fostóirí. Teastaíonn uainn daoine oilte a thabhairt chun na Danmhairge agus insint d'fhostóirí faoi na buntáistí a bhaineann le hearcú ó thar lear agus táimid lán sásta a bheith cruthaitheach chuige sin'.

# Formhuinithe



## Fostóir

‘Tacaíonn gem le 29 teanga dhifriúla i measc ár mbonn cliaint domhanda a áiríonn Microsoft, Clearwire, Cisco, Electronic Arts agus King.com.  Tá Comhairleoirí EURES fíorchabhrach i ndáil le tacú linn fostaithe le sainscileanna teanga a aimsiú.’

*Marcella McKeever, Ceannaire Earcaíochta, gem, Béal Feirste, Tuaisceart Éireann*

## Fostaí

‘Ní bhíonn mórán ama ag mac léinn leighis taithí a fháil thar lear ach thug EURES deis dom m’aisling a chur i gcrích. A bhuíochas don intéirneacht a rinne mé sa Ríocht Aontaithe, ní hamháin gur tháinig feabhas ar mo chuid Béarla ach d’fhoghlaim mé go leor faoi chóras leighis na Breataine, agus chas mé le daoine deasa a chabhraigh liom socrú isteach.’

*Laura Zanisi, mac léinn leighis, an Iodáil*

An Coimisiún Eorpach
**Ag Earcú san Eoraip – treoir d’fhostóirí**
Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2010
2010 - 13 lch. – 14,8 × 21 cm
ISBN 978-92-79-15952-7
doi:10.2767/52071
Tá an foilseachán seo ar fáil i bhformáid chlóite i dteangacha oifigiúla uile an AE mar aon le hÍoslainnis agus Ioruais

KE-31-10-452-GA-C

An bhfuil suim agat i bhfoilseacháin na hArdstiúrthóireachta um Fhostaíocht, um Ghnóthaí Sóisialta agus um Chomhdheiseanna?

Má tá, is féidir leat iad a íoslódáil nó síntiús saor in aisce a thabhairt amach ó *http://ec.europa.eu/social/publications*

Chomh maith leis sin, féadfaidh tú clárú chun Nuachtlitir leictreonach um Eoraip Shóisialta an Choimisiúin Eorpaigh a fháil saor in aisce ag *http://ec.europa.eu/social/e-newsletter*

**www.facebook.com/euresjobs**
**www.facebook.com/socialeurope**

**http://eures.europa.eu**

**http://ec.europa.eu/social**

Oifig Foilseachán

ISBN 978-92-79-15952-7